



Uimhir 4 de 1996

An tAcht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú), 1996
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 4 de 1996

**AN tACHT ÁRACHAIS SLÁINTE SHAORÁLAIGH
(LEASÚ), 1996**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.
2. Scéimeanna árachais sláinte shaorálaigh.
3. Fógra don Aire i dtaobh méaduithe ar shuibscríobhanna nó ar phréimheanna, etc., arna ngearradh ag an mBord.
4. Comhdhéanamh an Bhoird.
5. An Príomh-Fheidhmeannach
6. Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa.
7. Téarmaí agus coinníollacha seirbhíse comhaltaí d'fhoireann an Bhoird.
8. Toirmeasc ar fhaisnéis faoi rún a nochtadh.
9. Faisnéis a thabhairt don Aire.
10. Leasú ar an bPríomh-Acht.
11. Aisghairmeacha.
12. Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.

[Uimh. 4.] *An tAcht Árachais Sláinte Shaorálaigh* [1996.]
(*Leasú*), 1996.

NA hAHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977	1977, Uimh. 30
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1993	1993, Uimh. 30
An tAcht Sláinte, 1970	1970, Uimh. 1
An tAcht Árachais Sláinte, 1994	1994, Uimh. 16
An tAcht Árachais Sláinte Shaorálaigh, 1957	1957, Uimh. 1



Uimhir 4 de 1996

**AN tACHT ÁRACHAIS SLÁINTE SHAORÁLAIGH
(LEASÚ), 1996**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AN ACHTA ÁRACHAIS SLÁINTE SHAORÁLAIGH,
1957.

[6 Márta 1996]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—(1) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a Léiriú.
mhalairt—

ciallaíonn “Acht 1994” an tAcht Árachais Sláinte, 1994;

tá le “seirbhísí sláinte coimhdeacha” an bhrí a shanntar dó le hAcht 1994;

ciallaíonn “an Bord” an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh arna bhunú leis
an bPríomh-Acht;

ciallaíonn “seirbhísí sláinte” seirbhísí d’othair chónaithe (de réir bhrí an
Achta Sláinte, 1970) agus seirbhísí sláinte coimhdeacha (de réir bhrí Acht
1994);

ciallaíonn “soláthraí seirbhíse sláinte” duine a sholáthraíonn seirbhís
sláinte;

ciallaíonn “an Príomh-Acht” an tAcht Árachais Sláinte Shaorálaigh, 1957.

(2) San Acht seo—

- (a) foláíonn tagairt do scéim faoi *alt 2* tagairt do scéim faoi *alt 4* den
Príomh-Acht a bhí i bhfeidhm díreach roimh an Acht seo a
rith,
- (b) aon tagairt d’alt, is tagairt í d’alt den Acht seo mura gcuirtear in
iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe, agus
- (c) aon tagairt d’fho-alt nó do mhír is tagairt í don fho-alt nó don
mhír ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt
d’fhoráil éigin eile atá beartaithe.

[Uimh. 4.] *An tAcht Árachais Sláinte Shaorálaigh* [1996.]
(Leasú), 1996.

Scéimeanna árachais
sláinte shaorálaigh.

2.—(1) Déanfaidh an Bord, le toiliú an Aire, scéimeanna árachais sláinte a dhéanamh agus a chomhall agus féadfaidh sé, leis an toiliú céanna, cibé scéimeanna árachais sláinte-choibhneasa is cuí leis a dhéanamh agus a chomhall.

(2) Féadfaidh an Bord, le toiliú an Aire, scéim a dhéanamh agus a chomhall lena leasaítear nó lena gcúlghairtear scéim faoin alt seo lena n-áirítear scéim faoin bhfo-alt seo.

(3)(a) D'fhonn oibriú scéimeanna faoin alt seo a éascú féadfaidh an Bord cibé comhaontuithe (más ann) a dhéanamh le cibé soláthraithe seirbhíse sláinte agus le cibé líon soláthraithe seirbhíse sláinte agus daoine eile is cuí leis.

(b) Beidh cibé téarmaí agus coinníollacha i gcomhaontú faoi *mhír (a)* a chinnfidh an Bord, dá rogha féin, agus féadfaidh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gcomhaontuithe éagsúla den sórt sin, cibé acu is comhaontuithe leis na soláthraithe seirbhíse sláinte céanna nó le soláthraithe seirbhíse sláinte éagsúla nó le daoine eile agus cibé acu i ndáil le seirbhísí sláinte nó earraí den chineál céanna nó de chineálacha éagsúla.

(c) Gan dochar do ghinearáltacht *mhíreanna (a)* agus *(b)*, féadfaidh an Bord, le linn dó breithniú a dhéanamh i dtaobh ar cheart comhaontú a dhéanamh faoi *mhír (a)* nó le linn dó téarmaí agus coinníollacha comhaontaithe den sórt sin a chinneadh, aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas—

(i) costas, cineál, cáilíocht agus méid aon seirbhísí sláinte a soláthraíodh roimhe sin, nó arna soláthar an tráth sin nó arna dtairiscint lena soláthar, agus

(ii) costas, cineál, cáilíocht agus cainníocht aon earraí a soláthraíodh roimhe sin, nó arna soláthar an tráth sin nó arna dtairiscint lena soláthar, chun críoch seirbhíse sláinte,

ag an soláthraí seirbhíse sláinte lena mbaineann nó aon soláthraí seirbhíse sláinte eile nó ag an duine eile lena mbaineann nó aon duine eile.

(d) Féadfaidh an Bord diúltú comhaontú a dhéanamh, nó staonadh ó chomhaontú a dhéanamh, faoi *mhír (a)*, le soláthraí seirbhíse sláinte nó duine eile más cuí leis déanamh amhlaidh.

(4) Ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a fhorchuireann ar an mBord, go díreach nó go neamhdhíreach, aon dualgas nó dliteanas i leith soláthraí seirbhíse sláinte nó aon duine eile ar dualgas nó dliteanas é a mbeidh a chomhlíonadh infhorfheidhmithe i gcúirt agus nach mbeadh sé faoina réir thairis sin.

(5) Socróidh an Bord amhlaidh méideanna na suibscríobhanna, na bpréimheanna nó na muirear eile is iníoctha ag tairbhíthe nó ina leith, faoi scéimeanna faoin alt seo, ar chuma, agus na blianta á nglacadh i dteannta a chéile, go mbeidh ioncam an Bhoird a gheofar astu sin mar aon lena chuid ioncam eile (más ann), leordhóthanach, gan bheith thar mar is leordhóthanach (chomh gar agus is féidir), tar éis don Bhord cibé lamháltas is cuí leis a dhéanamh le haghaidh cúlchistí, díluacháil agus críoch eile dá samhail, chun na muirir is inmhuirearaithe go cuí ar ioncam a íoc.

(6) Aon scéim faoi alt 4 den Phríomh-Acht a bhí i bhfeidhm díreach roimh an Acht seo a rith, leanfaidh sí i bhfeidhm tar éis an tAcht seo a rith amhail is dá mba faoin alt seo a rinneadh í agus féadfar í a leasú nó a chúlghairm dá réir sin faoin alt seo.

(7) San alt seo—

ciallaíonn “scéim árachais sláinte” scéim árachais shaorálaigh arb é an t-aon chuspóir nó an príomhchuspóir atá léi foráil a dhéanamh maidir leis an mBord do dhéanamh íocaíochtaí, cibé acu i dteannta íocaíochtaí eile nó nach ea, go sonrach i ndáil le haisíocaíocht nó urscaoileadh a dhéanamh, go hiomlán nó go páirteach, maidir le méideanna na dtáillí nó na muirear i leith soláthair seirbhísí sláinte a bheidh íochta nó iníochta ag daoine agus gurb amhlaidh, maidir le haisíocaíocht nó urscaoileadh den sórt sin, go ndéantar í nó é i gcomaoin na híocaíochta arna déanamh ag na daoine, nó thar ceann na ndaoine, leis an mBord le haghaidh suibscríobhanna, préimheanna nó muirear eile, ach ní fholaíonn sé scéim árachais den sórt sin arb é an t-aon chuspóir atá léi foráil a dhéanamh maidir leis an mBord do dhéanamh íocaíochtaí i leith breoiteachta, díobhála nó galair de mhéideanna arna ríomh faoi threoir fhad na breoiteachta, na díobhála nó an ghalair lena mbaineann agus faoina threoir sin amháin;

ciallaíonn “scéim árachais sláinte-choibhneasa”—

(a) scéim árachais shaorálaigh arb é an cuspóir atá léi foráil a dhéanamh maidir le ceachtar díobh seo a leanas nó maidir leo araon, is é sin le rá:

(i) an Bord do dhéanamh íocaíochtaí le daoine i leith breoiteachta, díobhála nó galair de mhéideanna arna sonrú sa scéim nó arna ríomh ar cibé modh agus faoi threoir cibé nithe a shonrófar amhlaidh,

(ii) an Bord d’fháil soláthair seirbhísí sláinte do dhaoine gan muirear a bheith curtha ag na soláthraithe seirbhísí sláinte lena mbaineann orthu nó a luaithe a íocfaidh siad cuid de chostas na seirbhísí leis na soláthraithe sin,

i gcomaoin íocaíochta arna déanamh ag na daoine, nó thar ceann na ndaoine, leis an mBord le haghaidh suibscríobhanna, préimheanna nó muirear eile, nó

(b) scéim chun go ndéanfaidh an Bord a chur faoi deara seirbhísí a sholáthar do dhaoine, is seirbhísí a bhaineann le breoiteacht nó galar a chosc, gan muirear a bheith curtha ag soláthraithe na seirbhísí orthu nó a luaithe a íocfaidh siad cuid de chostas na seirbhísí leis na soláthraithe sin i gcomaoin íocaíochta arna déanamh ag na daoine, nó thar ceann na ndaoine, leis an mBord le haghaidh suibscríobhanna, préimheanna nó muirear eile;

tá le “préimh” an bhrí a shanntar dó le hAcht 1994.

3.—(1) Aon uair a bheartóidh an Bord méid suibscríbh, préimhe nó muirir eile is iníochta leis faoi scéim faoi *alt 2* a mhéadú—

(a) déanfaidh sé fógra i scríbhinn a thabhairt don Aire faoina bhfuil beartaithe 30 lá ar a laghad roimh an lá a bhfuil ar intinn go mbeidh éifeacht leis an méadú atá beartaithe, agus

Fógra don Aire i dtaobh méaduithe ar shuibscríobhanna nó ar phréimheanna, etc., arna ngearradh ag an mBord.

(b) féadfaidh an Bord éifeacht a thabhairt don mhéadú mura dtreoróidh an tAire i scríbhinn don Bhord, laistigh de 30 lá ón bhfógra, gan déanamh amhlaidh.

(2) Déanfaidh an tAire, le linn treorú a thabhairt don Bhord faoi *fho-alt (1)(b)*, na cúiseanna a bhí aige nó aici leis an treorú a thabhairt don Bhord an tráth céanna.

(3) Comhlíonfaidh an Bord treorú faoin alt seo.

Comhdhéanamh an Bhoird.

4.—(1) Is iad a bheidh ar an mBord cathaoirleach agus cibé líon (nach mó ná 11) comhaltaí eile a chinnfidh an tAire ó am go ham.

(2) Féadfaidh 2 dhuine ar a mhéid is soláthraithe seirbhíse sláinte a bheith ina gcomhaltaí den Bhord an tráth céanna agus, más rud é, tráth a bheidh 2 dhuine is soláthraithe seirbhíse sláinte ina gcomhaltaí den Bhord, go dtiocfaidh comhalta eile den Bhord chun bheith ina sholáthraí nó ina soláthraí seirbhíse sláinte, scoirfidh an comhalta eile sin, air sin, de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord.

(3) Leanfaidh cinneadh faoi alt 5(1) den Phríomh-Acht a bhí i bhfeidhm díreach roimh an Acht seo a rith i bhfeidhm tar éis an tAcht seo a rith amháin is dá mba faoi *fho-alt (1)* a rinneadh é go dtí go ndéanfar cinneadh faoin bhfo-alt sin.

(4) San alt seo, ciallaíonn “soláthraí seirbhíse sláinte”—

(a) soláthraí seirbhíse sláinte atá ag gabháil do sheirbhís sláinte a sholáthar go díreach do dhaoine atá i dteideal sochar d’aon chineál faoi scéim faoi *alt 2*,

(b) stiúrthóir (cibé ainm a thugtar air nó uirthi) nó comhalta d’fhoireann soláthraí seirbhíse sláinte a shonraítear i *mír (a)*, nó

(c) comhalta de chomhpháirtíocht nó comhalta d’fhoireann comhpháirtíochta a sheolann gnó soláthraí seirbhíse sláinte a shonraítear i *mír (a)*.

An Príomh-Fheidhmeannach.

5.—(1) Féadfaidh príomh-oifigeach feidhmiúcháin a bheith ar áireamh i measc oifigigh an Bhoird ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san Acht seo, an Príomh-Fheidhmeannach.

(2) Déanfaidh an Príomh-Fheidhmeannach riarachán agus gnó an Bhoird a sheoladh agus a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne, agus comhlíonfaidh sé nó sí cibé feidhmeanna eile (más ann) a chinnfidh an Bord.

(3) Faoi réir *alt 7*, beidh an Príomh-Fheidhmeannach i seilbh oifige faoi chonradh seirbhíse i scríbhinn go ceann cibé tréimhse agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha eile (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus caiteachais) a chinnfidh an Bord le ceadú an Aire agus le toiliú an Aire Airgeadais agus a shonrófar sa chonradh.

(4) Is é an Bord, le toiliú an Aire, a cheapfaidh an Príomh-Fheidhmeannach agus féadfaidh an Bord, leis an toiliú sin, é nó í a chur as oifig tráth ar bith.

(5) Ar dhul in éag do théarma oifige duine a shealbhaíonn oifig an Phríomh-Fheidhmeannaigh, beidh an duine in-athcheaptha chun na hoifige sin.

[1996.] *An tAcht Árachais Sláinte Shaorálaigh* [Uimh. 4.]
(Leasú), 1996.

6.—(1) Más rud é, maidir le comhalta den Bhord—

Comhaltas de
cheachtar Teach
den Oireachtas nó
de Pharlaimint na
hEorpa.

- (a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann, nó
- (b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun Parlaimint na hEorpa, nó
- (c) go measfar de bhun alt 15 (a cuireadh isteach leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1993) den Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977, é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin chun folúntas a líonadh.

scoirfidh sé nó sí air sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord.

(2) Más rud é, maidir le duine a bheidh fostaithe ag an mBord—

- (a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann, nó
- (b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun Parlaimint na hEorpa, nó
- (c) go measfar de bhun alt 15 (a cuireadh isteach leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1993) den Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977, é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin chun folúntas a líonadh,

beidh sé nó sí air sin ar iasacht ó fhostaíocht ag an mBord agus ní íocfaidh an Bord leis nó léi, ná ní bheidh sé nó sí i dteideal go bhfaighidh sé nó sí ón mBord, aon luach saothair ná liúntais i leith na tréimhse dar tosach an tráth a ainmneofar nó a thoghfar é nó í amhlaidh, nó an tráth a mheasfar amhlaidh é nó í a bheith tofa (de réir mar a bheidh), agus dar críoch an tráth a scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach acu sin nó den Pharlaimint sin.

(3) Duine a bheidh de thuras na huairé i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin nó is comhalta de Pharlaimint na hEorpa, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin, dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord nó chun bheith fostaithe in aon cháil ag an mBord.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, forléireofar an fo-alt sin mar fo-alt lena dtoirmiscear tréimhse atá luaite ann a ríomh mar sheirbhís leis an mBord chun críoch aon sochair aoisliúntais.

7.—D'ainneoin alt 13 den Phríomh-Acht, déanfaidh an Bord, le linn an luach saothair nó na liúntais a bheidh le híoc le comhaltaí d'fhoireann an Bhoird nó na téarmaí nó na coinníollacha eile ar faoina réir a shealbhaíonn nó a shealbhóidh na comhaltaí sin a bhfostaíocht a chinneadh, aird a thabhairt ar threoirínte Rialtais nó ar threoirínte a bheidh comhaontaithe ar bhonn náisiúnta agus a bheidh ar marthain de thuras na huairé nó ar bheartas Rialtais maidir le luach saothair agus coinníollacha fostaíochta a bheidh ar marthain amhlaidh agus, i dteannta an mhéid sin roimhe seo, comhlíonfaidh an Bord aon treoracha maidir le luach saothair, liúntais, téarmaí nó coinníollacha den sórt sin a thabharfaidh an tAire don Bhord ó am go ham le toiliú an Aire Airgeadais.

Téarmaí agus
coinníollacha seirbhíse
comhaltaí d'fhoireann
an Bhoird.

8.—(1) Ní dhéanfaidh duine faisnéis faoi rún a gheobhaidh sé nó sí le linn dó nó di dualgais a chomhlíonadh mar chomhalta den Bhord

Toirmeasc ar fhaisnéis
faoi rún a nochtadh.

nó mar chomhalta d'fhoireann an Bhoird, nó mar chomhairleoir nó sainchomhairleoir don Bhord, a nochtadh mura mbeidh sé nó sí údaraithe go cuí chun déanamh amhlaidh.

(2) Beidh duine a sháróidh *fo-alt (1)* ciontach i gcion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná £100,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) Measfar faisnéis áirithe nó faisnéis d'aicme nó de thuairisc áirithe, chun críocha *fho-alt (1)*, a bheith faoi rún má dhearbhaítear go bhfuil sé faoi rún nó go mbeidh treorú tugtha ag an mBord nó ag oifigeach den Bhord gur chóir déileáil leis i modh rúin.

(4) San alt seo, ciallaíonn “údaraithe go cuí” údaraithe ag an mBord nó ag duine a bheidh údaraithe ag an mBord chuige sin.

Faisnéis a thabhairt don Aire.

9.—(1) D'ainneoin *alt 8*, déanfaidh an Bord, aon uair a iarrfaidh an tAire air amhlaidh, faisnéis a thabhairt dó nó di i cibé foirm agus i ndáil le cibé nithe a shonróidh sé nó sí maidir lena ghníomhaíochtaí, comhlíonadh a fheidhmeanna, a straitéisí agus a bheartais agus árachas sláinte, nó i ndáil leis an gcéanna.

(2) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le faisnéis a bhaineann le pearsa aonair áirithe ná le duine áirithe (nach pearsa aonair) ar soláthraí seirbhíse sláinte é nó í.

Leasú ar an bPríomh-Acht.

10.—Leasaítear, leis seo, *alt 6(5)* den Phríomh-Acht trí “le toiliú an Aire Airgeadais” a chur in ionad “tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais”.

Aisghairmeacha.

11.—(1) Aisghairtear, leis seo, *ailt 4, 5 (1), 9, 13 (4), 16, 17* agus *21* den Phríomh-Acht.

(2) Aisghairtear, leis seo, *alt 25* den Phríomh-Acht amhail ar an agus ón dáta a deonaíodh údarú (de réir bhri Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamh-Shaoil), 1994 (I.R. Uimh. 359 de 1994)) don Bhord agus déanfar an tagairt san *fho-alt* sin do scéim faoi *alt 4* den Phríomh-Acht a fhorléiriú mar thagairt a fholáionn tagairt do scéim faoi *alt 2*.

Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.

12.—(1) Féadfar an tAcht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú), 1996 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Árachais Sláinte Shaorálaigh, 1957 agus 1996, a ghairm den Phríomh-Acht agus den Acht seo le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

